# Tuairisc a Scríobh

# Tuairisc a scríobh

Cuireann tuairisc síos ar rud éigin a tharla – fíorscéal.



Scríobhtar tuairiscí in ord ama.

beathaisnéis

litir

Tuai

alt nuachtáin

iontráil ciclipéide


irisc
léargas ar thuras
neamhfhicsean
dialann
alt irise

# Cad é atá de dhíth?

## Cuspóir

- le príomhphointí an scéil a chlúdach
- leis an ord ama a shoiléiriú
- le suim an léitheora a spreagadh

- teideal le hábhar na tuairisce a chur in iúl agus leis an léitheoir a tharraingt isteach
- réamhrá le bunús an scéil a insint
- paragraif a chuidíonn leis an ord ama a shoiléiriú
- cónaisc leis an ord ama a thaispeáint
- scríbhneoireacht shuimiúil bheoga
- deireadh gonta.

# Tuairisc a scríobh

Má tá aithne agat ar an léitheoir*

- beidh sin ina chuidiú agat na **sonraí cúlra** a bheidh de dhíth a oibriú amach
- b'fhéidir go mbeadh an stíl **comhráiteach** nó **neamhfhoirmiúil**.

léith

- Cé a l
- Cén ai agat a
- Cad é rachai i bhfe an dói scríob tú?

* nó fiú má tá eolas agat fúthu, m.sh.aois, ábhair spéise.

Lucht
heoireachta

éifidh é?

ithne atá
orthu?

mar a
idh seo
eidhm ar
igh a
hfaidh

Mura bhfuil aithne agat ar an léitheoir

- beidh ort cuid mhór sonraí cúlra a thabhairt
- b'fhéidir go mbeadh ort a bheith níos foirmiúla.

Smaoinigh ar an lucht léitheoireachta agus an leagan amach á phleanáil agat. Cad é a thig leat a dhéanamh le go mbeidh sé furasta a léamh?

# Tuairisc a phlea




- Scríobh leideanna cuimhne feadh na líne le creatlach scéil a dhéanamh.

**Is féidir focail, frásaí agus pictiúir a úsáid mar leideanna cuimhne.**

# áil agus a eagrú




Nuair a bheidh an creatlach déanta agat, is féidir leat an líne ama a ghearradh ina paragraif.



Leis an chreatlach a athrú ina píosa scríbhneoireachta, déan abairtí de na leideanna cuimhne.

# Gnéithe teanga a bh

- briathra san aimsir chaite
- ainmneacha daoine, áiteanna, dátaí, srl (ceannlitir ar ainmneache dílse)
- cónaisc ama
- an chéad nó an tríú pearsa

# naineann le tuairiscí

An chéad rud eile...

Ansin...

Idir an dá linn...

Cúpla lá ina dhiaidh sin...

Tamall gairid ina dhiaidh sin...

An lá dár gceann...

Faoi dheireadh...

# Tuairisc bhe

briathra cumhachtacha

teanga thuairisciúil

**Roghnaigh na focail is fearr**

comparáidí

réimse cónasc

Úsáid athfhriotail!

# ...ga a scríobh

abairtí fada agus gairide

túsabairtí éagsúla

## Úsáid abairtí de chineálacha éagsúla

ceist leis an léitheoir a tharraingt isteach

Smaoinigh ar na léitheoirí
- cad iad na rudaí a bhfuil suim acu iontu?
- 'labhair' leo!

# Tuairisc sa chéad phearsa (rud a tharla domsa)

m.sh. litir, dialann, tuairisc ar thuras

Is féidir:

- go gcuirfidh siad eolas ar fáil faoin dóigh a mothaíonn tú
- go gcuirfidh said do bharúil in iúl
- go mbeidh stíl phearsanta chomhraíteach i gceist leo.

| uimhir uatha | uimhir iolra |
|---|---|
| mé | muid |
| mo | ár |
| mé féin | muid féin |
| orm, liom, agam srl. | orainn, linn, againn srl. |

# Tuairisc sa tríú pearsa (rud a tharla do dhuine eile)

m.sh. tuairisc nuachtáin, leabhar neamhfhicsin

Bíonn gá:

- le cuid mhór fíricí
- le hainmneacha agus sonraí
- le stíl neamhphearsanta.

| Uimhir uatha | Uimhir iolra |
|---|---|
| sé/sí | siad |
| é/í | iad |
| a | a |
| é féin/í féin | iad féin |
| air/uirthi, leis/léi, aige/aici srl. | orthu, leo, acu srl. |

# Creatlacha eile a úsáidtear le nótaí a ghlacadh

- sreabhchairt



- stiallghreannán
- greille féilire




- aghaidh cloig



- thiocfadh leat imeachtaí a scríobh ar phoistíní agus iad a ghreamú in ord...
nó iad a scríobh ar chártaí agus na cártaí a chur ar líne éadaí.



**Is mian le CCEA buíochas a ghabháil le Gráinne Uí Dhuifinn agus le hEmer Mhic an Fhailí ó Choláiste Feirste, Béal Feirste, as ábhar an leabhair seo a scríobh, a ullmhú agus a chur ar fáil.**

**COUNCIL** FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning